# Ríomhphost ó Aoife

**Seo ríomhphost a scríobh Aoife chuig a cara Seán i nGlaschú. Tá Aoife ina cónaí in árasán nua agus tá sí ag insint do Sheán faoin saol nua atá aici. Roghnaigh focal oiriúnach ón liosta thíos le cur i ngach bearna.**

**Aoife Ní Dhúill**

**Ó:** "Aoife Ní Dhúill" Aoifenidhuill@rsa.net
**Chuig**: "Seán Ó Gaora" sean12879@brook.com
**Seolta:** 30 Eanáir 2009 15.20
**Ábhar:** An saol i nGaillimh!

A Sheáin, tá súil agam go bhfuil tú go maith.

D'inis mé duit go bhfuil mé in árasán nua le triúr cairde. Tá an saol go maith anseo i nGaillimh. (1) .................. leadóg le Ben, gach Dé Luain de ghnáth. Téann an triúr againn, mé féin, Síle agus Ben go dtí an teach tábhairne go (2) .................. ag an deireadh seachtaine. Tá (3) .................. ag Ben sa cheol traidisiúnta agus bíonn seisiún ann uaireanta oíche Aoine. Seinneann sé an (4) .................. ach ceol Francach a sheinneann sé – is breá liom é. Seachas sin, téim go dtí an phictiúrlann anseo nó go dtí an (5) .................. sa chathair – tá sé idir fiche agus tríocha míle ó seo. I rith na seachtaine, (6) .................. leabhair, éistim le ceol nó (7) .................. ar scannáin ar an teilifís. Cad é fút féin? An (8) .................. tú amach go minic anois? An dtéann tú go dtí an (9) .................. atá san óstán in aice go fóill? An dtéann tú ag (10) .................. sna sléibhte Dé Domhnaigh go minic?

Is í an (11) .................. theileafóin nua atá agam ná 064 468 3256. Cuir glaoch orm nuair a bheidh an t-am agat – ba bhreá liom an nuacht ar fad a chloisteáil!

Slán go fóill

Aoife

minic, amharclann, dtéann, léim, imrím, club oíche, suim, siúl, giotár, féachaim, uimhir

# Ríomhphost ó Aoife
# Foclóir an tsleachta

1. **Tá na focail seo a leanas ar fáil sa ríomhphost thuas. Aistrigh go Gaeilge iad. An féidir leat an foclóir a úsáid chun cúpla abairt a chumadh faoi do chaitheamh aimsire? Déan iarracht ansin cúpla ceist a chumadh leis na focail chéanna.**

I read
night club
music session
traditional music
interest

2. **Sa ríomhphost luann Aoife sléibhteoireacht / *mountain climbing*. Is caitheamh aimsire coitianta / *common* in Éirinn í an tsléibhteoireacht. Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas.**

   **a.** An dtéann tú ag sléibhteoireacht gach deireadh seachtaine, go minic nó anois is arís? Cá dtéann tú?

   **b.** Cad é an sliabh is airde in Éirinn - *What is the highest mountain in Ireland*?

   **c.** Ar dhreap tú é riamh - *Did you ever climb it*?

   **d.** Cad é an sliabh is airde i do thír féin?

   **e.** Ar dhreap tú é riamh?

   ***f.*** Is sléibhte cáiliúla iad Binn Ghulbain agus Cruach Phádraig in Éirinn, ach cén fáth? Muna bhfuil fhios agat faigh amach roimh an gcéad rang eile - *Benbulbin and Croagh Patrick are famous mountains in Ireland, but why? If you don't know, find out before your next class.*

   **g.** An bhfuil aon chaitheamh aimsire coitianta eile in Éirinn?

   **h.** Cad iad na cineálacha caitheamh aimsire is coitianta i do thír féin?